Litir Ṡasana

Dónal Mac Aṁlaiġ

eall dá ḃeartú?

Is beag é mo scil féin, is oċ om a rá, i gcúrsaí poilitíoċta. iaṁ anall ḃí drogall eicínt orm oim na cúrsaí céanna agus airis sin d'ḟeicṫí dom naċ ḃíoḋ in go leor de imeaċtaí airliminte aċ muga maga tréna cuirtí dallaḋ mullóg ar an pobal. Mar a dúirt Dónall Ó onaill le fear briste na gcloċ aḋó (má dúirt): Is cuma cé ḃé- s istiġ nó amuiġ beiḋ do ċuid ibre le déanaṁ agatsa, a ḋuine oċt. Isé mo ḋála féin é ar ealaċ agus cé go dtugaim mo óta gan ċeist faoi i gcónaí do áirtí an Luċt Oibre anseo sa nḂreatain (níor ċaiṫeas aon óta in Éirinn ariaṁ, mo léan) í ġnáṫaċ liom coḋlaḋ na hoíċe ċailleaḋ i ngeall ar an scéal.

Maidir le mo ṫír féin de, ní éir dom an oiread sin difríoċ- a a ḃeiṫ idir an dá ṗáirtí mór ċ go raiḃ luiteamas ó nádúr le ianna Fáil 'ċuile lá riaṁ agam ar an áḋḃar go mba iad an dream ba Ġaelaí iad. Is don bPáirtí Oibre a ṫabharfainn mo ḃóta mar sin féin dá mbeinn i mo ċónaí ag baile agus an togaċán a ḃeiṫ ann. Arae creidim go bfuil siad sin lán dáiríre faoi ċúrsaí oibre agus fostaíoċta; ⁊ mura mbeiḋ slí maireaċtála maiṫ le fáil ina dtír féin aca ní ḟanfaiḋ aos óg na hÉireann sa mbaile. Aċ ní ċuige sin táim anois aċ é seo: go n-airím go bfuil contúirt mór ann go ndúiseóiḋ muintir na hÉireann maidin éicint gan mórán aċair agus gur arais ins an Ríoċt Aontaiṫe a ḃéas siad i ngan ḟios dóiḃ féin, ionanns. Dá ḋréaċt dár léiġ mé ar páipéar seaċtainiúil Cille Ċoinniġ a ċuir ar m'aire mé roiṁ an ḃfeallḃeart seo tá ar ṫoiḃ a ḃeiṫ curṫa i gcríċ agus ba é Proinnsias Mac Aonġusa, fear cumasaċ géar - aigeannta a bfuil árd-ṁeas ag na mílte air a scríoḃ an dá ḋréaċt údan. Faoi ċoim na "Trade Talks" a ḃuailfear an bod gránnda seo orrainn dár le Prionnsias — go h-áirtiḋ ó naċ bfuil páipéirí laeṫúla na tíre ag teaċt amaċ anois agus é ḃeiṫ níba éasca, dá réir, ag luċt rialtais socrú a ḋéanaṁ faoi ċeilt. Isé an toraḋ a ḃeaḋ le aontú le Sasana in aṫ-uair dár le Proinnsias, caoi ṁaiṫ deisiúil a ḟágáil ar ḃeagán agus mórán mór a ḟágáil gan ġreim a mbéal — cé'n móite uiliġ den ḃfeall a ḃeaḋ dá n-imirt againn ar ċuiṁne na ndaoine a maraiḋ le go saorfaí sinn ó Ṡasana; cé's móite den dtréigsint náireaċ a ḃeaḋ á ḋéanaṁ ar 'ċuile ṗrionsabal dár ṫroid ár sinnsir ar a son. Ní ḃeaḋ de ġraiṫ ag Sasana ḋínn aċ go mbeaḋ Éire ina feilm aici ag saoṫrú ḃiaḋ saor agus go mbeaḋ muintir na hÉireann ag teaċt ó Ḋún Laoire anall ina mílte ċun na postanna is troime agus is lú pái a ġlacaḋ i gcónaí. In aon ḟocal aṁáin is í an Ḃreatain Ṁór (nó Sasana ċun a ḃeiṫ níba ċruinne faoi) a ḃeaḋ ag gnóṫaċtáil de ḃárr an ċeangail agus ní Éire. Agus má ṫeiġeann sé ċuige sin nárḃ aṁlaiḋ ariaṁ é? Nárḃ í Sasana a ḃain buntáiste as sinne a ḃeiṫ i bpáirt léi go díreaċ faoi mar tá Sasana ag déanaṁ bun sa lá inniu de ḃárr gan aon rialtas ná seasaṁ ceart a ḃeiṫ di féin ag Albain? Tá Arm Ṡasana lán le Albanaiġ óga inniu féin san áit naċ bfuil obair le fáil dóiḃ ina dtír féin aċ ní liostáileann ins an arm céanna aċ codán fíor-ḃeag de aos óg Ṡasana. Ní léir dom féin ó Ḋia anuas cé'n t-údar tá ag Lemass ná ag duine ar biṫ eile de luċt an Rialtais le sinn a ḋíolaḋ le Sasana; ní ṫiocfaḋ liom gan a ċreidsint gur fir ionraice creidiúnaċa tá ionnta agus ní cneaṁairí feallṫaċa. Cé'n fáṫ mar sin iad a ḃeiṫ ag beartú fill mar seo? A Ḋia na Glóire cé'n fáṫ?

Fiaraíonn Proinnsias Mac Aonġusa an ċeist seo i ndeire a ailt: "Cé'n sórt Éire tá ag teastáil uainn, agus ṫairis sin, céard tá muid sásta a ḋéanaṁ le Aċt nua seo an Aontaiṫe a ċoscaḋ?

Ḃoil, mar ḟreagra ar an gcéad ċuid den ċeist sin is "Éire Ġaelaċ, Éire Saor" a ṫeastaíonn uaim féin, ba leasc liom ġlacaḋ le aon niḋ eile; agus ar an tarna ċuid den ċeist freagraím go bfuilim sásta rud ar biṫ a ḋéanaṁ — aċrann agus agóid a ṫarraingt, píonós a ḟulaingt, caṫ a ċur — le sinn a ċoinneáil deiġilte amaċ ó'n Ríoċt Aontaiṫe.

Tá mé lán siúireáilte go b'é an scéal céanna ag bunáite na nGael é.

Nós Gaelaċ

Tá na seaċt ndiaḃail ar na hÉireannaiġ atá ag obair ar oibreaċaí poiblí anseo i Sasana ag "subáil". Is ionann subáil a ḋéanaṁ agus oiread seo airgid ḟáil sul a n-íocfar do ṗái leat. Fáġann cuid aca oiread sin de "ṡub" naċ mbíonn ṫar cúpla scilling le ṫarraing sa bpacáid aca lá pái. D'eile tá aiṫne agam ar ḟear aṁáin a fuair pacáid an tseaċtain seo caiṫte is gan an leiṫpiġinn féin istiġ ann, aċ scríofa taoḃ amuiġ air ḃí na focla seo: "Íocaḋ seaċt fiċead ṫar an gceart leat ċeana." Mise i mbannaí ḋíḃ naċ é a ḃeannaċt a ċur an fear céanna sin le cléireaċ an ṗái, aċ cé'n neart a ḃí ag an duine sin air?

Aċ sé'n fáṫ a luaim na hÉireannaiġ seaċas dream ar biṫ eile ná iad a ḃeiṫ gan daḃt ar biṫ níos tugṫa don nós seo ná oibriṫe as tír ar biṫ dá ḃféadfá ċuiṁniú air. Beiḋ cuiṁne go deo agam ar rud a ċuala mé fear duḃ as Iamaica a rá aṫrú anuraiḋ nuair a d'ḟiafraiġ cara leis an mbeaḋ 'sub' ag teastáil uaiḋ an tráṫnóna sin. Ḃreaṫnaiġ an ċéad fear ar a ċomrádaí agus ar seisean go míċéataċ: "Ná bí ag caint seafóideaċ mar sin, a ḋuine — 'sub' ag teastáil ó ḟear a bfuil ḃreis agus dá ḃliain caite anseo i Sasana aige! Céard a ċeapann tú a ḃeiṫ ionnam — "Éireannaċ?" Tá an tÉireannaċ níos ċaifeaċ gan aon daḃt agus ar an áḋḃar sin bíonn an t-an-ḟáilte i dtíṫe taḃairne go leor roiṁe, fear a' tí ag straoisíl siar go dtína ċluasa nuair a ḟeiceann sé scata Páidíní ag teaċt ṫar ṫroiġ isteaċ ċuige lena gcuid airgead crua-ṡaoṫraiṫe a scaipeaḋ. De ġnáṫ ní ċaiṫeann an t-Iodáileaċ airgead ar biṫ i dtaḃairní an ḃaile seo Northampton pé aca an é go mbíonn ar intinn aca sin filleaḋ ar a dtír féin nó naċ é; tá go leor de na Pólannaiġ tíoḃasaċ go leor freisin, tá a ḟios ag an saol, mura mbíonn siad coṁ crua leis an dream eile. Aċ mo Ṗáid ḃreá. saoṫraíonn sé airgead mór agus caiṫeann aris é gan mórán moille. Mar a deireann na Pólannaiġ:

"Polish man keep pay, throw away pay packet; Irishman keep pay packet; throw away pay."

Tá fáṫ doṫuiġṫe eicínt leis an scéal a ḃeiṫ aṁlaiḋ, is dóiġ, aċ ṡóċeolaí a ḃeaḋ ann fios fáṫa an scéil sin a ḟuascailt.

SLEACAIL OIBRE

Tá cúrsaí oibre agus fostaíochta ag éirí níba shleacáilte inaghaidh an lae ar an mbaile seo Northampton agus ní taise do áiteachaí go leor eile ar fuaid na Breataine Móire é. Cheana féin tá an milleán á gcur ar an lucht oibre faoin scéal a bheith amhlaidh ach níl puinn amhrais orm féin nach mbeadh an scéal lán comh h-olc, nó níos measa, b'fhéidir, dá bhfanfadh na Coimeádaithe istigh sa dtoghachán ginearálta seo a chuaigh tharrainn. Arae ní fás aon-oíche tá sa meath seo ach toradh na mblianta bhfada den ró-shaoirse agus den easpa pleanála. Tá sé seanráite nach féidir aon fhuil a bhaint as turnaip ach sin é go díreach an rud a bhí muintir na Breataine Móire ag iarraidh a dhéanamh le tamall maith siar — iad uilig ag éileamh pái árd gan sin a bheith saothraithe aca, agus bárr ar ghach donas, ag ceannach earraí nárbh acmhainn dóibh iad a cheannach. Daoine ag imeacht le carrannaí agus gan ar a gcumas íoc asta leath an ama, daoine eile ag dul chuig na Mór Roinne ag caitheamh an tsaoire nuair ba chrua má bhí oiread sábháilte aca agus a bhéarfadh go Lonndain féin iad.

Anois ní dhéarfainn go bhféadfadh an námhaid is measa liom a chur i mo leith go bhfuilim ag fáil locht gan údar ar na h-oibrithe mar dhream, arae níor staonas ariamh de bheith ag móradh agus ag moladh an saothraí; ach mar sin féin ní féidir a shéanadh go bhfuil na gnáth daoine éirithe comh sanntach agus comh saolach sin le blianta beaga anuas agus nach léir dóibh a leas thar a n-aimhleas. Le dream beag mairnéalaigh istigh i gcurrach beag chanfáis a shamhlaím iad, an fhairrge go cuafach ina dtimpeall agus iad i mbaol a mbáthadh 'chuile phoinnte, ach iad beag beann ar an gcontúirt, ag troid is ag sárú ar a chéile an t-am go léir.

Ach céard faoin aicme eile údan — na fostaitheoirí, na bossanna móra, na bainisteoirí monarchan agus eile— nach bhfuil siad sin freagrach freisin i ndroch stáid na tíre seo? Gan dabht tá—oiread, nó níos mó ná an dream go n-íocann siad tuarastal na seachtaine 'chuile Aoine leo. Arae is mó phraifid tá déanta aca sin na blianta deireannacha seo ná mar a rinne riamh cheana, agus sin in aineoin mí-mhacántacht agus leisce na bhfear oibre. Faoi réim na gCoiméadaithe níor bhréathnaigh duine ar bith níba fhaide uaidh ná a shrón; ní raibh i gceist ach ceannacht agus caitheamh, na monarchana go dian ag soláthair nithe — ní le haghaidh easportála, rud a bheadh críonna — ach dóibh féin, rud tá gan chiall. Anois agus lá an chúntais buailte leo tá an Páirtí Oibre ag déanamh iarracht saol geilleagrach na tíre a chur ar bhun slán in ath-uair. Ach chuige sin ní foláir dóibh gearradh anuas go mór ar an-chuid scéimeanna a chosnódh na milliúin punt; mar shompla, tá a raibh de bhóithre nua agus de dhroichid móra le cur suas ins an mbliain seo chugainn curtha ar ceal ag an Rialtas, rud a cuirfidh as go mór do na mílte dár mhuintir féin ar nós leo an cineál sin oibre a leanúint suas ó cheann ceann na tíre. Cheana féin cloistear á rá ar ghach taobh é go b'e Mr. Harold Wilson agus a roaltas is cionntsiochar le droch-stáid na Breataine agus ní dhéanfainn-sa aon iontas dhe dá gcaithfí amach iad roimh deire an téarma. Níl de thromlach ag an bPáirtí Oibre mar tá ach beirt.

Tá sé á mheas anois go mbeidh tuille agus 600,000 díomhaoin i 1966 — uimhir nach beag nuair a cuimhním go raibh anró an tsaoil ar mhuintir an oir-tuaiscirt cúpla bhliain ó shoin nuair a bhí céad míle de bhreis ar an méid sin gan obair. Aisteach go leor, faoi láthair na huaire tá níos mó jobannaí ann ná mar tá daoine díomhaoine ach tá cuid dena postanna sin ar a laghad sin pái (nó b'fhéidir gur jobanna gránna iad) nach mbíonn aon iarraidh ag na h-oibrithe orra. Go nuige seo cuireadh suas leis na fir dubha as na h-Indiacha Thiar cions go mbídís sásta ghlacadh le postanna suaracha; ach de réir a chéile tá siad sin ag corrú amach agus ag éileamh a gcion féin de'n dhea - obair, agus furasta aithne, tá fuath agus gráin orra thall is abhus. B'anamh a d'fheicfeá ag obair ar na jobanna bildeála agus innealtóireacht shíbhialta nó oibreachaí puiblí roimhe seo iad (chun an fhírinne a rá choinnigh gangers agus saoistí Eireannacha amuigh iad i gcásanna go leor, ní le teann gránach orra, ach le go b'iad a muintir féin amháin a bheadh leo ar láthaireacha oibre) ach anois feictear ar mórán'chuile job iad cé's móite de na "contracts" beaga sin — trínnseáil is mar sin de — mar a íocfar rud ar bith idir £4 agus £6 sa ló leis na rúpálaithe láidre as Iarthar na hEireann. Is beag duine ce's móite den Eireannach a bheadh abálta ar an gcineál sin rúsgadh a dhéanamh!

Sea, gan bhréag ar bith tá téarma géar amach roimh an Bhreatain anois agus mura bhfuil dul amú an-mhór orm féin is ioma sin duine a aireóidh an ghoin sul a dtiocfadh feabhas ar an scéal. An fear go bhfuil aon nídh in Eirinn aige measaim gur ann ab' fhearr dó bheith.

Dónall Mac Amhlaigh.

Gleannḃarr

Sul a raiḃ na nótaí seo i gcló béiḋ deireaḋ leis an dara cúrsa de Ċoláiste Loċ Súilí. Béiḋ na scoláirí scapṫa siar, soir, ní béiḋ a n-árd scairt le cluinstean agus iad i gcionn a gcuid cluiċṫe, no a gceol agus iad ar a mbealaċ 'na ċladaiġ agus béiḋ tost agus ciúnas anuas ar an ġleann beag uaigneaċ seo arís. Is mór an t-aṫrú a ṫigeas ar an áit le linn cúrsaí an ċoláiste ⁊ níl iontas go mbíonn uaigneas ar ṁuintir na h-áite indiaiḋ imeaċt do na múinteoirí agus a gcuid scoláirí. Ċan aṁáin gur ḃain na scoláirí an tairḃe as an dea-ṫeagasc a fuair siad ó na gcuid múinteoirí agus as an ċainnt a rinne siad le muintir na h-áite, óir ṫáinig feaḃas sonraċ ar a gcuid Gaeilge, aċ ḃain siad sult agus pléisiúr as an ċaiṫeaṁ aimsire a ḃí acu fosta go háiriṫe as an lá a ċaiṫ siad ag an Ḟeis i bḞalċarraċ. Ġlac siad páirt i gcuid mór de na comórtais ⁊ ċan saoṫar in ascaiḋ a ḃí ins na hiarraiṫe a rinne siad óir nuair a ḃí an lá ṫart ḃí 14 ḋuais bainte acu. Ḃfuil iontas go dtáinig siad na ḃaile go breá sásta? Ḃí'n t-áḋ ar luċt an ċoláiste go bfuair siad an tAṫair Ó Dubláin, S.M.A.. Uaċtarán Coláiste Ḃaile 'n Ḟad mar Ṡeiplíneaċ óir fear é a bfuil an Ġaeilge ar á ċoṁairle féin aige.

Ḃuail pláiġ cuileog an taoḃ ṫiar de Ġleannḃarr ar an tseaċtain seo ċaite. Ċar b'iad na gnáṫ ċuileog a ḃí ionnta aċ feiṫidí níos luga. Ḃí siad coṁ tiuġ sin gur clúdaiġ siad aċan orlaċ de ḃallaí agus de ḟuinneógaí na dtiġṫe taoḃ amuiġ agus taoḃ istiġ. Níor ḟaċtas a leiṫéid sa ġleann ariaṁ agus níl ḟios ag duine ar biṫ cad a ba cúis leis.

Ṫug Aisteoirí Ċloiċeannaola cuairt ar Ċoláiste Loċ Súilí tráṫnóna Dé Luain seo caite agus léiriġ siad an coméidí ṫrí ġníoṁ sin "Na Póitseáirí". Seo iad na haisteoirí céanna a ḃain an ċéad áit ag an Ḟéile i Leitir Ceanainn leis an dráma céanna san Earraċ as ċuaiġ ṫart agus a fuair an ċéad áit fósta ag an Oireaċtas i mBaile Áṫa Cliaṫ go goirid indiaiḋ sin. Fuair siad árd-ṁolaḋ ar fad ó na moltóirí is fearr agus is oilte in Éirinn. Níl feiḋm a rá gur ḃain aċan duine dá raiḃ i láṫair an sult as an dráma agus as an aisteoireaċt ṫar ḃarr. Léiriġ aisteoirí óga Ġleannḃarr an oíċe sin fosta "Laeṫe Saoire an tSaṁraiḋ." Seo dráma beag deas do ṗáistí a scríoḃ príoṁ-oide na scoile, D. Uasal Mac Ḟionnġaile. Fuair na h-aisteoirí óga seo an dara áit leis an dráma seo san Ḟéile i Leitir Ceanainn.

Ag an céilí mhór an oíche sul ar dhruid an choláiste ag cainnt leis na scoláirí thar ceann an uachtaráin a bhí as láthair mar gheall ar thinneas, mhol an rúnaí, an tUasal Mac Giolla Phádraig, iad mar gheall ar a ndea - iompar, a múineadh agus a numhlaíocht. Bhí dornán beag cinnte na raibh comh maith sin ach ba mheasa dóibh féin é ar ndóighe. Mhol sé na múinteoirí mar gheall ar a ndúthracht ina gcuid oibre agus an dea-shompla a thug siad do na scoláirí a bhí faoi na gcúram. Mhol sé lucht na dtighthe lóistín fosta as siocair an chothú agus an cúram a thug siad do na scoláirí a bhí ar lóistín acu.

Tá'n coláiste druidte. Tá na scoláirí scaptha siar soir agus tá'n gnáth-chiúnas anuas ar an ghleann bheag uaigneach arais. Is mór an difir a gníos druidint an choláiste do mhuintir na háite; an taos óg go hairid, crothnuíonn siadsan an gleo agus an chuideachta agus go mórmhór na céilí. Ach sin mar tá ar an tsaol seo. Níl rud ar bith buan faoi rothaí na gréine.

Bhí aimsir mhillteanach anseo le gairid. Bhí tuilte fearthainne, gaoth árd agus fuacht. Táthar a' dréim go mbéidh droch bharr préataí ann siocair an droch shamhraidh.

RÓ LUATH

Nuair a tháinig an bás fá na choinne,
Ba léir dó go raibh sé i sáinn,
Do scread sé fan siar uaim a dhuine,
Ní mise atá ag teastáil;
Fan siar uaim, ná bí chomh dána,
Tá breall ort ní mise atá uait,
Féach anseo mo Chéadúnas Tiomána,
Slán go dtí an bhliain seo chugainn.